# CINNTÍ

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2023/1148 ÓN gCOMHAIRLE

**an 12 Meitheamh 2023**

**lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2010/231/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Somáile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/231/CBES ón gComhairle an 26 Aibreán 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Somáile agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2009/138/CBES ([1]), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Aibreán 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/231/CBES.

(2) An 26 Bealtaine 2023, chuir Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 751 (1992) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe duine amháin le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2010/231/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/231/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 12 Meitheamh 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. PEHRSON

([1]) IO L 105, 27.4.2010, lch 17.

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear an duine seo le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas a leagtar amach i roinn 'I. Daoine' in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/231/CBES:

I. **Daoine**

'22. **Abdullahi Osman Mohamed Caddow (ailias: a) Cabdullahi Cusman Maxamed Caddow b) Dhagacade c) Faracade d) Injineer Ismaaciil e) Eng. Ismail).**

**Dáta breithe:** 1983

**Náisiúntacht:** an tSomáil

**Seoladh:** an tSomáil

**Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe:** an 26 Bealtaine 2023

**Inscne**: fireann

**Faisnéis eile**:

Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL – Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals

Is saineolaí sinsearach pléascán é Abdullahi Osman Mohamed Caddow, ar a dtugtar freisin 'Eng. Ismail', atá freagrach as bainistiú foriomlán oibríochtaí agus dhéantúsaíocht pléascán an ghrúpa. Agus é sin á dhéanamh aige, ghlac sé páirt i ngníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht na Somáile i mbaol. Chuaigh sé isteach i sciathán na meán de Al-Shabaab, Al-Kataib, in 2008 i Mogaidisiú agus ina dhiaidh sin, in 2014, bhí sé ina bhall den aonad déantúsaíochta pléascán sa ghrúpa atá ag feidhmiú in a lán ionad ullmhúcháin pléascán sna bailte Jilib, Bu'aale, Saakoow, Salagle, kuunyo-Barrow, agus Arabow. Tá sé i gceannas ar fhoireann de 68 n-oibrí Al-Shabaab agus déanann sé ábhar déantúsaíochta pléascán dar luach thart ar USD sé mhilliún a smuigleáil gach bliain.'